

Fisic agus Ceimic na hArdteistiméireachta	Meitheal Forbartha cruinniú #3: 07.01.25 Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Cáipéis Eolais	Roinn an mheitheal a dtuairimí ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Fhísic agus Ceimic na hArdteistiméireachta , a foilsíodh don chomhairliúchán.
Bunús agus aidhmeanna	Rinne an mheitheal iniúchadh ar réimsí atá le meas mar chuid den réasúnaíocht agus aidhmeanna d'Fhísic agus Ceimic na hArdteistiméireachta. Leagadh béim ar leith ar an nádúr praiticiúil agus feidhmeach a bhaineann leis an ábhar agus ar na deiseanna a chuir staidéar an ábhair ar fáil ó thaobh staidéir bhreise de agus sa tsochaí chomh maith.
Réimsí foghlama agus struchtúr molta	Rinne an mheitheal smaointe tosaigh a bhaineann le réimsí foghlama agus struchtúr molta a mheas. Ó thaobh an struchtúir de, rinne an mheitheal breithniú ar struchtúir roinnt sonraíochtaí reatha, lena n-áirítear Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí , Físic na hArdteistiméireachta agus Ceimic na hArdteistiméireachta , a bhfuil snáithe aontaitheach ag baint le gach ceann acu. Aithníodh na téamaí trasghearrtha coitianta d'Inbhuanaitheacht, Folláine, agus Teicneolaíocht sna trí ábhar Eolaíochta athfhorbartha Ardteistiméireachta chomh maith. Rinne an mheitheal iniúchadh ar réimsí foghlama agus cur i bhfeidhm laistigh de na réimsí sin.
Na chéad chéimeanna eile	An Chéad Chruinniú Eile: Déardaoin, an 6 Feabhra, 2025 Rinne an Cathaoirleach machnamh ar obair na meithle agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.